***Bóthar an Choirnéil Máirtín*** *– seanbhóthar a bhí idir an Fhaithche, áit a raibh an teach mór ag Máirtín, agus Uachtar Ard sa naoú haois déag. Thóg sé cúig bhliana an bóthar, a déanadh as an gcriathrach, a dhéanamh, agus ba iad na tionóntaí a bhí ag déanamh na hoibre. Bhí an bóthar sách maith do charr agus capall*

***Bóithrín an Bhealaigh Mhóir*** *– sa nGleann Mór, agus tá sé ag dul siar go dtí an áit ina mbíodh lorg Bhóthar an Choirnéil Máirtín. B'fhéidir gurb é sin an fáth ar tugadh an t-ainm sin air*

***Bóithrín Bheairtlín*** *– idir Doire Fhearta Beag agus an Sruthán. Bhíodh fear darbh ainm Beairtlín ina chónaí ag ceann an bhóithrín*

***Bóithrín na nAsal*** *– ag dul ó Dhoire Fheárta go dtí an cladach, go Céibh Chaislín. Bhíodh asail ag tarraingt móna siar chuig an gcladach le cur ar bháid a bhí ag dul go Co. an Chláir agus Árainn*

***Bóthar Lang*** *– an seanainm a bhí ar Bhóthar an Tuairín. Lang an t-ainm a bhí ar an bhfear a bhí os cionn na hoibre*

***An Bóthar Géar*** *– an seanainm a bhí ar Bhóthar an Dóilín. Bhíodh go leor cloch le goib ghéara ar an mbóthar*

***Bóithrín na gCorp*** *– bóithrín a dtugtaí na coirp síos go Reilig Bharr an Doire*

***Foinsí:***

*Logainmneacha agus Patrún Lonnaíochta ar an gCeathrú Rua, Eileen Nic Dhonncha*